C/2024/4511

12.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11571 — KÜHNE HOLDING / AENOVA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4511)

1. An 5 Iúil 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Kühne Holding AG ('Kühne Holding', an Eilvéis) faoi rialú Klaus-Michael Kühne,

— Apollo 8 GmbH ('Apollo 8', an Ghearmáin), cuideachta sealbhaíochta ghrúpa cuideachtaí Aenova ('Aenova', an Ghearmáin). Is é an bainisteoir ar chiste a fhaigheann comhairle ó BC Partners LLP a rialaíonn Apollo 8 GmbH.

Gheobhaidh Kühne Holding rialú aonair ar Apollo 8 ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta é Kühne Holding atá gníomhach trí Kühne + Nagel International AG i soláthar seirbhísí lóistíochta agus seolta lasta agus trí Hapag-Lloyd AG i soláthar seirbhísí loingseoireachta coimeádán. Ina theannta sin, tá sé gníomhach freisin in earnálacha na seirbhísí fáilteachais agus na réadmhaoine,

— Is é Apollo 8 cuideachta sealbhaíochta Aenova, atá gníomhach go hidirnáisiúnta i soláthar seirbhísí forbartha conartha agus monaraíochta le haghaidh táirgí íocshláinte críochnaithe lena n-úsáid ag an duine agus lena n-úsáid i réimse na sláinte ainmhithe, agus le haghaidh forlíontaí cothaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11571 — KÜHNE HOLDING / AENOVA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.